Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Straitéis um Nascacht Dhigiteach d'Éirinn

## Dréachtpháipéar

**2022**



Arna n-ullmhú ag
an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
**gov.ie/decc**

# Clár na nÁbhar

Clár na nÁbhar ........ i

1 Cúlra agus Comhthéacs ........ 1

2 Cuspóir na Straitéise seo ........ 2

3 Achoimre ar an Straitéis ........ 4

4 Príomhchumasóirí Straitéiseacha ........ 8

4.1 Infheistíocht Tráchtála sa Nascacht Dhigiteach ........ 8

4.2 Plean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL) ........ 8

4.3 Nascacht Idirnáisiúnta ........ 9

4.4 Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda ........ 10

4.5 Rialáil ........ 10

4.6 Ionracas, Slándáil agus Nuachóiriú Líonraí ........ 11

4.7 Taighde agus Nuálaíocht ........ 12

4.8 Cathracha/Bailte Cliste, Pobail Tuaithe agus Conairí Iompair ........ 12

# 1 Cúlra agus Comhthéacs

Tá Éire tiomanta d'aistriú digiteach faoi luas. Agus fáil ar nascacht dhigiteach ardluais iontaofa, tacófar le huaillmhianta eacnamaíochta agus sóisialta na hÉireann sa ré dhigiteach a bhaint amach agus cuideofar le huaillmhian an Stáit le bheith chun tosaigh i bhforbairtí digiteacha na hEorpa agus an domhain a bhaint amach.

Tacóidh an nascacht dhigiteach seo le forbairt réigiúnach níos cothroime, chomh maith leis an aistriú glas, lena n-áirítear trí chianobair, agus le cur i bhfeidhm Straitéis Cianoibre an Rialtais[1], agus le cuidiú le rochtain níos mó ar thallann agus scileanna réigiúnacha. Cuirfidh sé leis an athspreagadh ar bhailte agus ar shráidbhailte agus cuideoidh sé le haghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach do limistéir tuaithe, lena n-áirítear nascacht a sheachadadh do na háiteanna tuaithe is iargúlta, fiú, cuidiú le líonraí náisiúnta, leabharlanna mar shampla, a cheangal le Nascphointí Leathanbhanda agus Moil Nasctha, agus tacú leis an bhforbairt ar líonraí de mhoil nuálaíochta réigiúnacha.

Tá an nascacht dhigiteach ina bhunriachtanas freisin lena chinntiú go gcuirtear díbhinní sóisialta ar fáil, lena n-áirítear a chinntiú nach bhfágtar grúpaí faoi mhíbhuntáiste ar gcúl san aistriú seo, agus gur féidir leo deiseanna digiteacha a thapú go hiomlán.

Chun go mbeidh rath eacnamaíochta agus cuimsiú sóisialta ann, tá gá ag Éirinn le nascacht dhigiteach a bhfuil feidhmíocht, slándáil agus inmharthanacht den scoth ag baint leis, agus a úsáidtear chun an tairbhe is mó a bhaint as na teicneolaíochtaí snáithín optúil is déanaí, con nascacht náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, agus chun úsáid as bhaint as córais nuálaíocha gan sreang amhail 5G.

[11] Is féidir Straitéis Cianoibre an Rialtais a fháil ar gov.ie - Making Remote Work: National Remote Work Strategy (www.gov.ie)



# 2 Cuspóir na Straitéise seo

Is é an cuspóir atá leis an Straitéis seo um Nascacht Dhigiteach ná na príomhspriocanna a leagan síos atá le baint amach ag earnáil na teileachumarsáide agus na príomhchumasóirí a shainaithint atá de dhíth chun na spriocanna seo a bhaint amach.

Bainfear an Straitéis seo um Nascacht Dhigiteach amach, á treorú ag na prionsabail seo a leanas:

- Spreagfaimid infheistíocht i réitigh atá tíosach ar fhuinneamh, ionracas agus slándáil líonraí, agus tacú agus éascú leis an nuachóiriú ar líonraí agus aistriú chuig líonraí Gigighiotáin agus 5G le tacaí Rialtais díreacha agus indíreacha araon.
- Déanfaimid deimhin de go gcothaíonn ár gcreat rialála iomaíocht bonneagair, go spreagann sé infheistíocht, agus go dtacaíonn sé leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

Mar sin, tá an Straitéis seo um Nascacht Dhigiteach dírithe go príomha ar chumasú don bhonneagar fisiciúil agus seirbhísí teileachumarsáide a sholáthraíonn an nascacht dhigiteach. Tacaíonn sé go díreach le seachadadh spriocanna foriomlána an Stáit mar a leagtar amach iad in 'Harnessing Digital - The Digital Ireland Framework'[2], go háirithe Gné 2: Bonneagar Digiteach a léirítear sa Chreat seo.

[2] gov.ie - Harnessing Digital - The Digital Ireland Framework (www.gov.ie)

Leis an Straitéis um Nascacht Dhigiteach, ar an gcéad dul síos tugtar léiriú ar an sprioc fhoriomlán do Nascacht Sheasta agus Shoghluaiste uaidh seo go dtí 2030, rud atá ailínithe le spriocanna Digiteacha an AE do 2030 a dtugtar cur síos orthu i nDeacáid Dhigiteach an AE[3].

Ar an dara dul síos, sainaithnítear leis na príomhthionscnaimh nó ‘cumasóirí’ nach mór a sheachadadh lena chinntiú go sroichfear an sprioc seo. I gcoitinne, bíonn na cumasóirí seo ilghnéitheach agus casta, bíonn an t-iliomad páirtithe leasmhara éagsúla i gceist leo agus tá siad dúshlánach iad a sheachadadh. Tá neart acu faoi lán seoil cheana féin agus tá dul chun cinn suntasach déanta. Ach tá tuilleadh suntasach fós le déanamh agus ní mór pleananna forfheidhmithe mionsonraithe a fhorbairt a thuilleadh agus a chur i bhfeidhm do gach cumasóir.

Tá sé beartaithe go mbeidh an Straitéis seo um Nascacht Dhigiteach dinimiciúil agus go ndéanfar í a fhorbairt agus a nuashonrú de réir mar is cuí. Tiocfaidh cumasóirí nua chun cinn de réir mar a thagann méadú ar an éileamh ar sheirbhísí nua, mar a fhorbraítear ar an margadh, mar a dhéantar forbairtí teicneolaíochta, agus mar a bhraitear tionchair níos leithne socheacnamaíochta. Dá bhrí sin, déanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar an Straitéis seo thart ar gach trí bliana.

[3] Europe’s Digital Decade: digital targets for 2030 | An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

# 3 Achoimre ar an Straitéis

Government will drive increased connectivity to enable the full realisation of the benefits of digitalisation across the economy and wider society:

**Spriocanna Foriomlána do Nascacht Dhigiteach**

- **Beidh teaghlaigh agus gnólachtaí uile na hÉireann clúdaithe ag líonra Gigighiotáin tráth nach déanaí ná 2028**
- **Beidh na ceantair daonra[4] uile clúdaithe ag 5G tráth nach déanaí ná 2030[5]**
- **Cuirfear seachadadh na nascachta digití chuig na Moil Nasctha go léir agus na Scoileanna go léir i gcrích faoi 2023**

Déanfar an nascacht dhigiteach a sheachadadh ar fud an Stáit go príomha trí infheistíocht tráchtála thionscal na teileachumarsáide. Spreagfaidh an Rialtas nascacht mhéadaithe Gigighiotáin agus 5G, lena n-áirítear trí chuidiú leis an infheistíocht tráchtála sa bhonneagar le tionscnaimh faoi stiúir an Rialtais, lena n-áirítear an infheistíocht €2.7bn atá geallta cheana féin tríd an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda[6] agus trí chumasóirí straitéiseacha eile a éascú.

Áirítear leis seo na gníomhartha seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- **An infheistíocht ag oibreoirí tráchtála i seirbhísí líonra Gigighiotáin atá ar ardchaighdeán, daingean agus láidir chuig tromlach mór na n-áitreabh**, go príomha limistéir uirbeacha agus fo-uirbeacha a chlúdaíonn thart ar 77% de na h-áitribh ar fud an Stáit;

[4] Tá 5G le cur ar fáil sna cathracha, bailte agus sráidbhailte ina mbíonn daoine ag cónaí agus ag obair de ghnáth, feadh bealaí díomuana agus coimitéireachta agus i limistéir a bhfuil tábhacht straitéiseach leo don phobal áitiúil.

[5] Meastar go mbeidh feidhmíocht chlúdach an líonra 5G éagsúil ag brath ar dhlús an daonra sa limistéar atá clúdaithe agus ar an bhfeidhmíocht atá de dhíth ar úsáideoirí na seirbhíse. Mar shampla, i gcathair nó limistéar fo-uirbeach tacóidh úsáid cealla beaga le riachtanais ó úsáideoirí/feidhmchláir de chineál na cathrach cliste le tréchur ard agus feidhmíocht ar aga folaigh íseal; ach in áiteanna atá níos faide faoin tuath ina n-úsáidtear macraichealla, b'fhéidir go mbeadh an tréchur agus riachtanais feidhmíochta eile níos ísle.

[6] Le haghaidh tuilleadh eolais, féach gov.ie – An Plean Náisiúnta Leathanbhanda (www.gov.ie)

- **Seirbhísí líonra Gigighiotáin a chur ar fáil tríd Idirghabháil faoi Stiúir an Stáit de réir an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda** chuig limistéir tuaithe go príomha, a chlúdaíonn thart ar 23% de na h-áitribh ar fud an Stáit;
- **Oibleagáid Seirbhíse Uilíche don leathanbhanda a thabhairt isteach**, de réir mar is cuí, lena chinntiú agus lena chosaint go gcuirfear seirbhísí ar fáil do chách;
- **Cur i bhfeidhm láithreach na nascachta ardluais i dtreo suíomhanna tábhachtacha**, mar shampla chuig moil dhigiteacha, scoileanna, stáisiúin na nGardaí agus áiseanna eile Rialtais ar fud na tíre. Áirítear leis seo tionscnamh faoi Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (NRRP) na hÉireann le nascacht leathanbhanda ardluais a sholáthar do suas le 1,100 bunscoil trí Chlár Leathanbhanda na Scoileanna agus maoiniú deontais TFC d'fhonn cur ar chumas scoileanna tacú le foghlaimeoirí trí nascacht, gléasanna agus bogearraí a sholáthar; chomh maith le clár a sholáthraíonn ríomhairí glúine do 20,000 mac léinn faoi mhíbhuntáiste sa Bhreisoideachais agus san Ardoideachas;
- Leis an **togra Pointe Ceangail Leathanbhanda (BCPs)** cuirfear nasc ardluais leathanbhanda ar fáil do 300 láithreán atá inrochtana don phobal ar fud an Stáit d'úsáid an phobail. Freastalaíonn na láithreáin seo ar limistéir tuaithe agus iargúlta, lena n-áirítear roinnt oileán amach ón mórthír, nach bhfuil rochtain acu faoi láthair ar sheirbhísí iontaofa leathanbhanda;
- Tá moil cianoibre á nascadh ar fud na hÉireann trí **connectedhubs.ie, ardán bainistíochta mol**, a chuireann ar chumas bainisteoirí mol sceidealú, íocaíochtaí agus rannpháirtíocht an phobail a láimhseáil trí shuíomh gréasáin amháin. Chláraigh breis agus 170 mol cheana féin chun úsáid a bhaint as an ardán, a fhaigheann tacaíocht ó Choiste na Mol Nasctha, a chuireann deontais ar fáil chun cur le hacmhainneacht agus feabhas a chur ar eispéireas na n-úsáideoirí;
- **Leanúint de phointí WiFi Eduroam a rolladh amach** ar fud na hÉireann, lonnaithe in eagraíochtaí oideachais tríú leibhéal agus taighde, leabharlanna, lár bailte, cúram sláinte agus suíomhanna pobail eile;
- **A chinntiú go mbeidh an bonneagar nascachta idirnáisiúnta chuig an Stát agus ón Stát seasmhach, ilchineálach mar is cuí, agus láidir** sa chaoi is gur féidir leo freastal ar éilimh na riachtanas náisiúnta;
- Sa **Chreat Pleanála Mara Náisiúnta (2021)** tá trí phríomhchuspóir aitheanta chun tacú le nascacht dhigiteach idirnáisiúnta agus náisiúnta na hÉireann, atá

ríthábhachtach chun iomaíochas na hÉireann i margaí domhanda agus sa ngeilleagar an eolais agus na faisnéise a choinneáil agus a fheabhsú. Is iad sin: cuidiú leis an nascacht ardluais idirnáisiúnta idir Éire agus tíortha eile; a chinntiú gur féidir le pobail ár n-oileán leas a bhaint as na deiseanna is féidir le líonraí cumarsáide ardluais a thabhairt; agus cáblaí teileachumarsáide atá ann cheana a chosaint. Achtaíodh **An tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí** le déanaí chun cuidiú leis an mbreithniú éifeachtach ar iarratais pleanála chun cáblaí fomhuirí a fhorbairt d'fhonn cuidiú lenár nascacht amach ón oileán, agus go háirithe naisc teileachumarsáide dhíreach chuig an Eoraip agus Meiriceá Thuaidh. Leis an Acht soláthraítear córas pleanála daingean nua agus ráiteas intinne ón Rialtas don earnáil seo;

- **A chinntiú go leantar le scaoileadh amach an Speictrim 5G** le hoibleagáidí cuí i dtaca le clúdach agus soláthar, agus monatóireacht leanúnach ar úsáid an speictrim seo d'ionaid laistigh agus lasmuigh, d'fhonn a chinntiú go mbainfear úsáid as go héifeachtach agus go héifeachtúil;
- A dhaingniú go ndéanfar an **speictream cuí a chur ar fáil**, agus go gcuirfear réitigh nascachta soghluaiste ar fáil le húsáid ag **seirbhísí poiblí**;
- **Taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí atá nua agus ag teacht chun cinn í** a bheidh de dhíth sa fadtéarma chomh maith le tairbhe a bhaint as an iliomad líonraí píolótacha agus tástála atá ar fáil ar fud an Stáit;
- Cothú ar na héiceachórais riachtanacha chun cuidiú le **feidhmchláir agus seirbhísí Cathrach Cliste** a úsáid i suíomhanna uirbeacha/fo-uirbeacha, bailte agus pobail tuaithe;
- Cuidiú leis an bhforbairt ar nascacht feadh ár bpríomh-**Chonairí Iompair** chun tacú le seirbhísí iompair cliste; agus
- A chinntiú go mbaineann riaracháin phoiblí an tairbhe is fearr as teicneolaíochtaí 5G trí **bhonneagar a chruthú** a chuireann ar chumas úsáideoirí sonraí a phróiseáil ag an láthair cuí (mar shampla **nód ríofa imill, nód ríofa réigiúnach, nó sa Néal**). Cuideoidh sé seo go suntasach le hacmhainneacht na hÉireann um Chosaint an Phobail agus Faoiseamh ó Thubaiste (PPDR) agus freisin soláthróidh sé léargas praiticiúil ar úsáid na réiteach seo chuig na hearnálacha uilig.

## Teicneolaíochtaí Digiteacha agus Inbhuanaitheacht

Tá ról ríthábhachtach ag teicneolaíochtaí digiteacha sa laghdú ar úsáid fuinnimh agus acmhainní, sa chumasú ar dhícharbónú agus leas sóisialta agus eacnamaíoch a choinneáil

agus bailiú agus anailísiú ar shonraí a bhfuil tábhacht sna tascanna a bhaineann le maolú agus oiriúnú don athrú aeráide, agu cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta agus éiceachóras. Ach níl sé dosheachtanta go mbeidh na tionchair seo ag leathnú na dteicneolaíochtaí digiteacha. Féadfaidh na tionchair comhshaoil ag teicneolaíochtaí digiteacha féin a bheith diúltach agus substaintiúil. Áirítear leo sin éilimh fuinnimh, úsáid acmhainní agus giniúint rruaillithe agus dramhaíola. Ní mór do bheartas a chinntiú go mbainfear an tairbhe is mó as na leas dhearfacha don inbhuanaitheacht agus go mbainfear úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha ar bhealach inbhuanaithe. Áirítear leis seo **aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fuinnimh agus geilleagair chiorclaigh ó theicneolaíochtaí digiteacha trí chuir chuige agus prionsabail oiriúnacha**.

Mar chuid den sruth oibre seo, déanfaidh an Rialtas:

- Anailís ar thionchair dhearfacha agsu dhiúltacha na n-athruithe teicneolaíochta digití ar an inbhuanaitheacht, go háirithe éifeachtúlacht fuinnimh agus an geilleagar ciorclach, i gcomhairliúchán le saineolaithe.

# 4 Príomhchumasóirí Straitéiseacha

Tá na Príomhchumasóirí Straitéiseacha ceaptha le ról riachtanach a imirt lena chinntiú go gcuirfear an Straitéis seo um Nascacht Dhigiteach i bhfeidhm in am trátha. Tá sé mar thasc ag na Príomhchumasóirí Straitéiseacha na gníomhartha níos gráinní a fhorbairt in aghaidh na bliana, lena chinntiú go gcuirfear an straitéis seo i bhfeidhm chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir.

## 4.1 Infheistíocht Tráchtála sa Nascacht Dhigiteach

Tugann fógraí le déanaí ó Virgin Media[7], SIRO[8] agus eir[9] go gclúdófar tromlach ollmhór na n-áitreabh i limistéir uirbeacha agus fo-uirbeacha le seirbhísí snáithín chuig an mbaile le seirbhísí líonra Gigighiotáin curtha ar fáil chuig na suíomhanna seo faoi 2026.

Ina theannta sin, tá Three Éire, Vodafone agus eir faoi láthair ag cur seirbhísí 5G in úsáid ar fud an Stáit leis na cathracha go léir clúdaithe anois agus breis agus 70% den daonra clúdaithe. De réir mar a scaoiltear speictream breise 5G samhlaítear go leathnófar ar scála agus leithead na seirbhísí seo.

Mar thoradh ar an infheistíocht tráchtála seo meastar go gcuirfear seirbhísí líonra Gigighiotáin ar fáil do thromlach ollmhór na n-áitreabh, i limistéir uirbeacha agus fo-uirbeacha go príomha a chlúdaíonn thart ar 77% de na h-áitribh ar fud an Stáit agus seirbhísí 5G seirbhísí á gcur ar fáil chuig na ceantair daonra go léir ar fud an Stáit a luaithe a chuirtear an speictream cuí ar fáil.

## 4.2 Plean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL)

Leanann an Plean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL)[10] de sheachadadh ar thiomantas an Rialtais lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach saoránach, cuma cén áit a bhfuil siad sa tír, ar an idirlíon trí leathanbhanda ardluais.

Tríd an gconradh PNL in 2019, sannadh an tasc do National Broadband Ireland (NBI) seirbhísí líonra Gigighiotáin a chur ar fáil do na suíomhanna is mó faoin tuath ar fud an Stáit. Chomh maith le háitribh chónaithe, cuirfidh an NBI seirbhísí ar fáil do ghnólachtaí agus

---

[7] Virgin Media to invest €200m in making network fibre (rte.ie)

[8] Siro announces €620m investment to upgrade broadband network (irishtimes.com)

[9] Eir to add 200,000 homes to its 'real' fibre broadband roll-out - Independent.ie

[10] Le haghaidh tuilleadh mionsonraí féach gov.ie - Leathanbhanda (www.gov.ie)

pointí straitéiseacha amhail scoileanna agus leabharlanna le seirbhísí ardluais atá laistigh dá limistéar idirghabhála.

Déanfaidh an idirghabháil PNL na nithe seo a leanas:

- seirbhísí líonra Gigighiotáin a sheachadadh do limistéir tuaithe go príomha a luaithe is féidir ag clúdach thart ar 23% de na háitribh ar fud an Stáit; agus
- cuirfidh siad nascacht ardluais ar fáil chuig na príomhshuíomhanna sna limistéir is iargúlta, mar shampla beagnach 300 ceangalphointe leathanbhanda, beagnach 700 scoile agus stáisiúin na nGardaí, atá lonnaithe sna háiteanna is mó faoin tuath.

## 4.3 Nascacht Idirnáisiúnta

Tá tábhacht straitéiseach shuntasach leis an nascacht dhaingean agus iontaofa le líonraí teileachumarsáide domhanda ó thaobh Stát na hÉireann de. Tríd an nascacht idirnáisiúnta a neartú agus bonneagar digiteach atá aclaí agus láidir a fhorbairt, cuirfear ar chumas na hÉireann glacadh leis an aistriú digiteach agus fás inbhuanaithe eacnamaíochta agus tairbhí dearfacha sóisialta a chumasú.

Tá deis straitéiseach ann Éire a shuíomh mar mhol lárnach nascachta san Eoraip agus feidhmiú mar thairseach chuig an Eoraip do na cáblaí trasatlantacha go léir ó Mheiriceá Thuaidh. Is féidir é seo a bhaint amach trína chinntiú go ndéanann Éire forbair ar bhealaí ardacmhainneachta agus ilchineálacha nascachta go díreach chuig mórthír na hEorpa, agus ag leanúint d'infheistíocht a spreagadh i dtograí cáblaí ó Mheiriceá Thuaidh go hÉirinn[11].

Breathnaítear ar chóras pleanála atá láidir agus soiléir mar phríomhchumasóir chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'infheistíocht amach anseo i mbonneagar teileachumarsáid ardluais fomhuirí .

B'fhéidir go mbeidh gá le bearta bhreise chun an infheistíocht phríobháideach a ghiaráil chun forbairt bhreise a dhéanamh ar nascacht idirnáisiúnta chuig mórthír na hEorpa agus chun a chinntiú go mbeidh Éire ina mol lárnach nascachta.

Mar chuid den chumasóir seo forbróidh an Stát na bearta atá de dhíth lena chinntiú go mbeidh an bonneagar nascachta idirnáisiúnta chuig an Stát agus ón Stát seasmhach, ilchineálacha mar is cuí, agus láidir sa chaoi is gur féidir leo freastal ar éilimh na riachtanas náisiúnta.

---

[11] Is féidir na Príomhthátail ón gComhairliúchán i dtaca le Nascacht Idirnáisiúnta do Theileachumarsáid a fháil ag https://assets.gov.ie/214943/fcd8e76a-a082-4969-88fe-6c175f4c637d.pdf

## 4.4 Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda

Seoladh an Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda (MPBBT)[12] i mí Iúil 2016 le bheith ina fhórsa stiúrtha chun feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí teileachumarsáide ar fud na hÉireann. Bunaíodh an MPBBT chun aghaidh a thabhairt ar bhacanna nascachta agus chun réiteach a fháil ar fhadhbanna a théann i gcion go diúltach ar chur chun feidhme an bhonneagair teileachumarsáide riachtanaigh i limistéir tuaithe.

Áirítear leis na réimsí fócais:

- cuíchóiriú ar phróisis agus nósanna imeachta na n-údarás pleanála;
- clárlann sócmhainní náisiúnta a fhorbairt do shócmhainní teileachumarsáide i seilbh an Stáit agus an fhorbairt ar phróisis chun rochtain ar na sócmhainní seo a cheadú;
- breithniú ar réitigh do chlúdach soghluaiste sna háiteanna is iargúlta; agus
- feidhmiú mar fhóram do chomhroinnt eolais agus comhar leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir.

## 4.5 Rialáil

I gcomhthéacs na nascachta digití, tá sé ríthabhachtach a chinntiú go mbeidh an rialáil is fearr agus go mbeidh cinnteacht rialála ann má táthar le hinfheistíocht a spreagadh agus iomaíocht a chur chun cinn.

Tá an t-údarás rialála náisiúnta, ComReg[13], freagrach as rialáil a dhéanamh ar an earnáil agus tá ról tábhachtach acu sa mhúnlú agus cumasú ar nascacht dhigiteach na hÉireann. Mar chuid den sainchúram seo tá sé de chúram ar ComReg bainistiú a dhéanamh ar Speictream Raidió an Stáit agus maidir leis seo tá siad ríthábhachtach chun an fhorbairt ar réitigh gan sreang a chumasú. Dá bhrí sin, a chinntiú go leantar de Speictream 5G an Stáit a scaoileadh le hoibleagáidí cuí clúdaigh agus úsáide agus a dhaingniú go ndéanfar an speictream cuí a áirithiú le húsáid ag seirbhísí poiblí.

Cuirtear an fócas is mó sa limistéar seo ar chreat rialála nuashonraithe an AE, an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (EECC)[14] ar fud na hearnála. Is ionann an nuashonrú seo agus leasú ar chreat iomlán rialála an AE d'earnáil na teileachumarsáide. Neartóidh an

[12] Le haghaidh tuilleadh mionsonraí féach https://www.gov.ie/en/publication/db7f83-mobile-phone-and-broadband-taskforce/

[13] Straitéis | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (comreg.ie)

[14] Le haghaidh tuilleadh mionsonraí féach gov.ie – An Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (EECC) (www.gov.ie)

EECC na huirlisí rialála d'iomaíocht agus comhlíonadh i bhfianaise na bhforbairtí nua sa teicneolaíocht agus sa mhargadh. Tagann an EECC san ionad ar an Treoir Réime, an Treoir Údaraithe, an Treoir Rochtana, agus an Treoir um Sheirbhísí Uilíocha, agus cuirtear ar chumas na mBallstát leis Oibleagáid Seirbhíse Uilíche a thabhairt isteach don leathanbhanda más cuí. Déanfar Creat Rialála na hÉireann a nuashonrú chun an EECC a achtú i nDlí na hÉireann.

## 4.6 Ionracas, Slándáil agus Nuachóiriú Líonraí

Príomhchumasóirí is ea ionracas líonraí, slándáil líonraí, nuachóiriú agus feabhsú seirbhíse chun an nascacht dhigiteach a sheachadadh go rathúil.

Tugtar cur síos ar an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála agus na príomhshruthanna oibre agus cumasóirí atá á spreagadh ag an straitéis ar leithligh ón Straitéis seo um Nascacht Dhgiteach[15].

Tá sé ríthábhachtach don earnáil na cosaintí a chruthú le monatóireacht agus freagairt a dhéanamh ar bhagairtí cibearshlándála agus chun slándáil líonraí a spreagadh.

Beidh tábhacht leis an bhforbairt ar threoir agus ar chreata chun ionracas líonraí agus slándáil líonraí a spreagadh chomh maith leis na creata a chruthú chun nuachóirithe ar líonraí a chumasú, amhail Múchadh Copair, líonraí oidhreachta eile a dhíchoimisiúnú agus imirce chuig snáithín/teicneolaíochtaí nua, agus fós tomhaltóirí a chosaint agus leanúnachas gnó a dhearbhú, más cuí.

Bíonn dúshláin ann nuair a chaithfidh an tionscal agus an Stát obair i ndlúthchomhar lena chéile. Ar feadh na paindéime Covid-19, rinne an tionscal, ag obair go dlúth leis an Stát, monatóireacht rathúil ar na rioscaí d'ionracas líonraí agus chumasaigh siad réitigh i gcás inar tháinig fadhbanna chun cinn (mar shampla, an ceadúnú sealadach ar speictream áirithe chun maolú a dhéanamh ar rioscaí ar tí tarlú do na líonraí soghluaiste[16]).

---

[15] Leis an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála (gov.ie – An Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála (www.gov.ie)) a foilsíodh in 2019 féachtar le cur ar chumas na hÉireann leanúint de thaitneamh a bhaint go sábháilte as tairbhí na réabhlóide digití agus páirt iomlán a imirt sa mhúnlú ar thodhchaí an Idirlín. Bhí an Straitéis bunaithe ar an taithí a bhí ag an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC) ( féach NCSC: An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála) atá freagrach as comhairle agus eolas a thabhairt do sholáthraithe TF an Rialtais agus Bonneagair Chriticiúil Náisiúnta maidir le bagairtí agus leochaileachtaí reatha a bhaineann le slándáil faisnéise líonraí. Sa bhliain 2022, déanfar athbhreithniú ar an Straitéis ag cur san áireamh an tírdhreach domhanda de chibearbhagairtí, forbairtí san Aontas Eorpach lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Slándáil na gCóras Gréasáin agus Faisnéise agus ceachtanna a foghlaimíodh ón ionsaí bogearraí éirice ar an FSS agus ócáidí suntasacha cibearshlándála eile.

[16] COVID-19: Temporary Spectrum Management Measures | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (comreg.ie)

Tá tuilleadh dúshlán romhainn leis an nuachóiriú ar líonraí, mar shampla an clár do Mhúchadh Copair atá beartaithe.

Tá an dlúthchomhar seo ríthábhachtach san am seo atá ag teacht chun na dúshláin seo a shárú agus chun conair a rianú chuig an áit ina ndéantar seirbhísí líonra Gigighiotáin a chumasú a luaithe is féidir.

## 4.7 Taighde agus Nuálaíocht

Leis an straitéis seo don Nascacht Dhigiteach aithnítear an gá le taighde agus nuálaíocht san earnáil a éascú agus a chur chun cinn, mar shampla chun cumarsáid ardacmhainneachta ar aga folaigh íseal agus teicneolaíochtaí nua eile atá ag teacht chun cinn amhail Bonneagar Cumarsáide Candamaí a ghiaráil le húsáid ag seirbhísí poiblí. Tá gá le comhpháirtíochtaí ar fud an tionscail agus an Stáit agus glacfaidh an Stát ról gníomhach san fhorbairt dhíreach ar thionscnaimh agus freisin trí chuidiú le scarshealbhóirí na comhpháirtíochtaí seo a bhunú.

## 4.8 Cathracha/Bailte Cliste, Pobail Tuaithe agus Conairí Iompair

Tá an cur i bhfeidhm de réitigh Chliste ar fud ár gcathracha agus bailte faoi lán seoil. Tá dul chun cinn suntasach déanta i roinnt ceantar i gCorcaigh, Baile Átha Cliath[17], Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge. Baineadh é seo amach trí chomhpháirtíochtaí láidre agus trí éiceachórais a chruthú ina bhfuil raon leathan de scarshealbhóirí. Tá roinnt príomhdhúshlán tagtha chun cinn agus tugadh aghaidh orthu trí na tograí tosaigh seo ach tá neart fós le déanamh. Leis an Straitéis seo um Nascacht Dhigiteach féachtar le tógáil ar an dul chun cinn le déanaí agus na héiceachórais seo a leathnú chuig ar fud ár mbailte agus tuilleadh ceantar laistigh dár gcathracha sa chaoi is go bhforbrófar réitigh agus seirbhísí Cliste do na háiteanna sin. I gcomhar le tionscnaimh Cathracha/Bailte Cliste tá gá le béim freisin ar thacú leis an bhforbairt ar fheidhmeanna agus seirbhísí cliste do phobail atá go mór faoin tuath, áit a mbeidh gá le réitigh shaincheaptha áitiúla.

Tá gá le nascacht ina bhfuil aga folaigh íseal agus láidreacht ard feadh ár bpríomh-Chonairí Iompair. Déanfar an fhorbairt ar an nascacht seo a spreagadh, ar dtús feadh bealaí chuig ár suíomhanna calafoirt agus uathu, chun tacú le cur i bhfeidhm ar réitigh agus seirbhísí iompair chliste, mar shampla chun sábháilteacht ar bhóithre agus bainistiú feithiclí a fheabhsú.

[17] Mar shampla, féach Home - Smart Docklands

